**Ciorclán 0050/2026**

**Chuig Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Baill Foirne Teagaisc na nIar-bhunscoileanna Meán-Bhéarla aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# An Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla a thabhairt chun Feidhme

## 1. Cuspóir an chiorcláin seo

Sa chiorclán seo, tugtar treoir d'iar-bhunscoileanna meán-Bhéarla aitheanta maidir le cur chun feidhme Is féidir liom, is féidir linn... Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla agus maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí chun an plean a chur chun feidhme. Soiléirítear ann freisin na hionchais maidir leis na cineálacha cur chuige atá le glacadh chun tacú le teagasc, foghlaim agus úsáid éifeachtach na Gaeilge.

## 2. Teagasc na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla

Tá Gaeilge ina croí-ábhar i ngach iar-bhunscoil. Imríonn scoileanna meán-Bhéarla ról ríthábhachtach maidir le cur ar chumas gach scoláire taitneamh a bhaint as an nGaeilge agus rath a bhaint amach le linn an teanga a fhoghlaim. I gcás go leor daoine óga a fhreastalaíonn ar na scoileanna sin, is é an seomra ranga Gaeilge an phríomháit ina dtagann siad ar an nGaeilge agus ina mbíonn an teagmháil is rialta leis an nGaeilge acu.

Gné lárnach de na sonraíochtaí agus na siollabais iar-bhunscoile don Ghaeilge is ea inniúlacht chumarsáideach na scoláirí sa Ghaeilge a fhorbairt. Leagtar béim láidir freisin sna sonraíochtaí agus siollabais iar-bhunscoile don Ghaeilge ar fhorbairt meonta dearfacha i leith na Gaeilge, ar úsáid bharántúil na Gaeilge laistigh de cheachtanna agus lasmuigh de cheachtanna, ar eispéiris foghlama a sholáthar atá tarraingteach agus taitneamhach, agus gach foghlaimeoir a éascú, de réir a c(h)umais, chun foghlaim agus cumarsáid a dhéanamh sa Ghaeilge.

## 3. An Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla

Seoladh Is féidir liom, is féidir linn... Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla ar an 6 Samhain 2025 agus tá sé ar fáil ar líne do cheannairí scoile, do mhúinteoirí agus do scoileanna.

Bhí comhairliúchán fairsing ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na scoile mar bhonn eolais faoin bPlean Gnímh. Bhí sé bunaithe freisin ar thaighde, ar thuarascálacha ón gCigireacht agus ar chineálacha cur chuige i leith pleanáil teanga do theangacha mionlaigh i ndlínsí eile. Tá an Plean Gnímh bunaithe go háirithe ar thuairimí leanaí agus daoine óga. Tá an dá thuarascáil ar an gcomhairliúchán ar fáil ag na naisc seo a leanas:

Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla: Athbhreithniú ar an Litríocht agus Dearcthaí na bPáirtithe Leasmhara Náisiúnta

Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla: Dearcthaí na bPáistí, na nDaoine Óga, na dTuismitheoirí, na Múinteoirí, na bPríomhoidí agus na Múinteoirí faoi Oiliúint

Tá sé mar aidhm leis an bPlean Gnímh seo feabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge do scoláirí i scoileanna meán-Bhéarla. Tacaíonn an plean le scoileanna agus le múinteoirí an tsonraíocht (an tSraith Shóisearach) agus na siollabais (an tSraith Shinsearach) atá ann cheana don Ghaeilge a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Go háirithe, tacaíonn sé le forbairt scileanna teanga labhartha na scoláirí sa Ghaeilge.

Tugann go leor scoileanna agus múinteoirí Gaeilge deiseanna nuálacha agus cruthaitheacha do scoláirí cheana féin chun an teanga a úsáid laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de araon. Tá an plean seo ag cur leis an mbonn láidir sin trí thacú le dea-chleachtas ionchuimsitheach a chomhroinnt ar bhonn níos leithne agus trína chinntiú go bhfuil tacaíochtaí éifeachtacha i bhfeidhm.

### Bunchlocha

Tá an plean bunaithe ar cheithre bhunchloch:

- Meonta dearfacha a chothú i leith na Gaeilge
- Úsáid na Gaeilge a mhéadú
- Tacú le rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar fhoghlaim na Gaeilge
- Tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú.

Tá na bunchlocha sin ag teacht leis na príomhghnéithe a dhéanann difear don fhoghlaim teanga.

## 4. Ceannas a ghlacadh ar theagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge

Tá príomhról ag foireann ceannaireachta na scoile, ag obair di i gcomhoibriú leis an roinn ábhair don Ghaeilge, maidir leis an gcultúr ceart a chruthú chun teagasc, foghlaim agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a chothú ina scoil. Ba cheart do cheannairí scoile breithniú a dhéanamh ar conas is féidir leo an méid seo a leanas a dhéanamh:

- úsáid a bhaint as féinmheastóireacht scoile (FMS) agus as próisis phleanála scoile/roinne chun machnamh a dhéanamh ar an soláthar don Ghaeilge agus ar úsáid na Gaeilge faoi cheithre bhunchloch an Phlean Gnímh (Féach Rannán 5 thíos)
- infheictheacht agus inchloisteacht na Gaeilge sa scoil a mhéadú
- rath agus iarrachtaí na scoláirí agus na múinteoirí a cheiliúradh
- eispéireas teanga na scoláirí i gceachtanna a fheabhsú
- deiseanna a thabhairt do scoláirí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de cheachtanna
- tacú le múinteoirí agus leo siúd a chuireann an teanga chun cinn sa scoil.

## 5. Pleanáil le haghaidh theagasc, fhoghlaim agus úsáid na Gaeilge

Ba cheart do cheannairí scoile agus do ranna ábhair Gaeilge breithniú a dhéanamh ar conas is féidir leo an Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla a chur san áireamh ina bpróisis féinmheastóireachta scoile agus ina bpróisis pleanála agus athbhreithnithe curaclaim.

Mar shampla, d'fhéadfadh siad breithniú a dhéanamh ar a soláthar reatha agus ar na deiseanna feabhais atá acu faoi threoir na gceithre bhunchloch sa Phlean Gnímh mar a leanas:

- Conas is féidir linn meonta dearfacha i leith na Gaeilge a chothú i measc ár mball foirne agus ár scoláirí?
- Conas is féidir linn úsáid na Gaeilge ag scoláirí, ag múinteoirí agus ag daoine eile sa scoil/sna ranganna a mhéadú?
- Conas is féidir linn ár gcineálacha cur chuige teagaisc a oiriúnú chun a chinntiú go bhfaighidh gach scoláire rochtain ar fhoghlaim na Gaeilge agus go n-éireoidh leo sa teanga a fhoghlaim?
- Conas is féidir linn úsáid níos fearr a bhaint as na tacaíochtaí agus na hacmhainní atá ar fáil don Ghaeilge?
- Conas is féidir linn dea-chleachtas maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chomhroinnt laistigh dár scoil agus foghlaim ó scoileanna eile agus ó mhúinteoirí eile?

## 6. Tacú le húsáid na Gaeilge

### Úsáid na Gaeilge ag scoláirí

Mar theanga, tá sé ríthábhachtach go mbeadh deiseanna ag scoláirí an Ghaeilge a chloisteáil, a labhairt agus a úsáid. Is ann do roinnt beart is féidir le scoileanna agus le ranna ábhair Gaeilge a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh teagmháil leanúnach ag scoláirí leis an teanga.

Spreagtar do scoileanna deiseanna a sholáthar, a mhéid is mó is féidir agus ar shlí fhiúntach, do gach scoláire chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Gaeilge agus cultúir Ghaelaigh ar leibhéal atá oiriúnach dá riachtanais foghlama agus chun leibhéal inniúlachta pearsanta a bhaint amach atá oiriúnach dá gcumas.

Agus iad ag pleanáil le haghaidh amchlárú na Gaeilge, ba cheart do scoileanna a chinntiú go mbeidh ceachtanna Gaeilge ag scoláirí go minic gach seachtain. Moltar do scoileanna, a mhéid is indéanta, an leithdháileadh ama ar an nGaeilge a dháileadh ar na bliainghrúpaí ábhartha chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim, ach solúbthacht áitiúil maidir le hamchlárú agus éagsúlachtaí i bhfad ama na gceachtanna á n-éascú ag an am céanna. Tá na leithdháiltí ama don

Ghaeilge ar fáil sna sonraíochtaí ábhartha, sna siollabais ábhartha agus sna ráitis chláir ábhartha. Tá achoimre ar na leithdháiltí ama sin ar fáil in Aguisín A.

Mar spriocttheanga, ba cheart an Ghaeilge a úsáid go príomha mar theanga an teagaisc le linn ceachtanna Gaeilge.

D'fhéadfadh scoileanna deiseanna a chur ar fáil do scoláirí an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de cheachtanna Gaeilge freisin. Is féidir go n-áireofar leo sin na nithe seo a leanas:

- deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn an lae scoile
- rannpháirtíocht i dtionscnaimh amhail an scéim Gaelbhratach
- gníomhaíochtaí idirscoile trí Ghaeilge
- caidreamh a dhéanamh le grúpaí Gaeilge áitiúla
- aitheantas agus luach saothair a thabhairt do scoláirí a úsáideann an Ghaeilge
- rannpháirtíocht i gcúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht a chur chun cinn.

D'fhéadfadh scoileanna nochtadh na scoláirí don teanga a mhéadú freisin trí thionscnaimh roghnacha amhail an Tionscadal um Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) de chuid na Roinne, rud trínar féidir ábhair eile a theagasc trí Ghaeilge i gcás gur cuí.

### Úsáid na Gaeilge ag múinteoirí

Modh an-tábhachtach do mhúinteoirí Gaeilge agus do bhaill foirne ábhartha eile laistigh den scoil chun a gcuid scileanna sa teanga a choinneáil agus iad a fhorbairt is ea leas a bhaint as deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid. Áirítear leis sin an Ghaeilge a úsáid, nuair is féidir, le scoláirí, le múinteoirí agus le haosaigh eile sa scoil, agus cruinnithe roinne ábhair agus cruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair (SLAR) a reachtáil trí Ghaeilge.

Áirítear leis freisin leas a bhaint as deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de scoileanna agus páirt a ghlacadh sna heispéiris foghlama gairmiúla do mhúinteoirí (PLE) a sholáthraíonn Oide – an tseirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile atá á cistiú ag an roinn, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), ionaid tacaíochta oideachais, agus soláthraithe cúrsaí Gaeilge (Féach Rannán 8 thíos).

Trí pháirt a ghlacadh sa Ghréasán do Mhúinteoirí Gaeilge (an líonra gairmiúil múinteoirí do mhúinteoirí iar-bhunscoile na Gaeilge) nó trí chomhoibriú le múinteoirí i scoileanna eile, soláthraítear tairbhí gairmiúla agus comhghleacúla trí mhúinteoirí Gaeilge a nascadh le pobal cleachtais níos leithne. Ina theannta sin, tugann Gréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí deiseanna do mhúinteoirí cloisteáil faoi ghníomhaíochtaí sóisialta agus páirt a ghlacadh iontu trí Ghaeilge.

Lasmuigh den scoil féin, tugann páirt a ghlacadh in imeachtaí Gaeilge áitiúla agus náisiúnta deiseanna luachmhara do mhúinteoirí an teanga a úsáid go barántúil, agus a muinín teanga agus a muinín ghairmiúil araon a neartú. I measc na ndeiseanna eile chun an teanga a úsáid go gairmiúil tá obair i gColáistí Gaeilge nó le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## 7. Forbairtí curaclaim agus measúnachta

Tarraingítear aird na scoileanna ar na forbairtí curaclaim agus measúnachta seo a leanas don Ghaeilge.

### Marcanna bónais scrúdaithe as obair a chuirtear i gcrích trí Ghaeilge

Beidh feidhm ag marcanna bónais as obair chúrsa a chur i gcrích (mar chuid de Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise) trí Ghaeilge, agus as na scrúduithe scríofa a chur i gcrích trí Ghaeilge, maidir leis na Scrúduithe Stáit, ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Beidh éifeacht leis na socruithe sin ón mbliain 2027 ar aghaidh don Ardteistiméireacht agus ón mbliain 2028 ar aghaidh don tSraith Shóisearach. Is é is aidhm do mharcanna bónais as obair a chuirtear i gcrích trí Ghaeilge teagmháil níos mó leis an nGaeilge a spreagadh ar fud na gcomhpháirteanna measúnaithe. Tá gach iarrthóir scrúdaithe, cibé acu is scoláirí i scoileanna meán-Ghaeilge nó scoláirí i scoileanna meán-Bhéarla iad, i dteideal páirt a ghlacadh sa scéim, agus ba cheart do scoileanna aird a scoláirí a tharraingt ar an scéim. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil i gCiorclán 0002/2026 agus i gCiorclán S10/26 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

### Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Tá athfhorbairt Ghaeilge na hArdteistiméireachta Bunaithe ar siúl faoi láthair mar chuid de Thráinse 4 de Chlár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí, ar aon dul le cur chuige céimnithe na roinne maidir le sonraíochtaí ábhair a nuashonrú ar fud na sraithe sinsearaí. Táthar ag súil go dtabharfar an tsonraíocht athbhreithnithe isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2028. Sa tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar na páipéir chúlra agus ar na treoracha don athbhreithniú ar ábhair Thráinse 4 a foilsíodh i mí Feabhra 2026, tá aiseolas maidir le forbairt na sonraíochta athbhreithnithe nua don Ghaeilge. Tá an tuarascáil agus tuilleadh faisnéise ar fáil ag Gaeilge – Forbairtí Curaclaim na Sraithe Sinsearaí | CNCM.

### Athbhreithniú leantach ar chur chun feidhme luath Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

I mí na Bealtaine 2025, d’fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta an tuarascáil eatramhach tosaigh a d’eascair as an athbhreithniú leantach ar chur chun feidhme shonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2). Tá an tuarascáil sin mar chuid de staidéar trí bliana a scrúdaíonn cur i bhfeidhm na sonraíochtaí i scoileanna, agus tá sí ar fáil ag Gaeilge – Forbairtí Curaclaim na Sraithe Sóisearaí | CNCM. Tá an dara tuarascáil eatramhach le foilsiú ar ball beag agus soláthrófar inti tuilleadh fianaise agus anailíse chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú leanúnach ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí agus faoina forbairt amach anseo.

## 8. Tacaíochtaí do scoileanna agus do mhúinteoirí

Tá tacaíochtaí éagsúla i bhfeidhm chun tacú le cur chun feidhme an Phlean Gnímh.

- Tá faisnéis faoi na tacaíochtaí a sholáthraíonn Oide chun tacú le rannpháirtíocht scoileanna sa Phlean Gnímh ar fáil ag www.oide.ie. Áirítear leis na tacaíochtaí sin eispéiris foghlama gairmiúla leanúnaí, tacaíocht ionscoile agus cúrsaí samhraidh.

Is féidir le scoileanna eispéiris foghlama gairmiúla a chur in áirithe tríd an rannán áirithinte imeachtaí ar shuíomh Gréasáin Oide ag https://dms.oide.ie/event/public.

Is féidir ceisteanna maidir leis na tacaíochtaí sin nó maidir le himeachtaí a chur in áirithe a sheoladh chuig eolas@oide.ie.

- Tá faisnéis faoin tionscadal um Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) de chuid na Roinne ar fáil ag An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.
- Tá faisnéis faoi thacaíochtaí a sholáthraíonn COGG, lena n-áirítear cúrsaí agus acmhainní saor in aisce, ar fáil ag www.cogg.ie.
- An tairseach le haghaidh scoláireachtaí Gaeltachta do scoláirí in iar-bhunscoileanna DEIS i samhradh na bliana 2027, osclófar í ar shuíomh Gréasáin Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin i Ráithe 4 den bhliain 2026. Déanfar teagmháil le gach iar-bhunscoil DEIS chun cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa scéim. Is féidir ceisteanna maidir leis na scoláireachtaí Gaeltachta a sheoladh chuig scolaireachtaideis@gretb.ie.
- Tá faisnéis faoi na tacaíochtaí a sholáthraíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) le haghaidh Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag Gaeilge na Sraithe Sóisearaí | Curaclam ar Líne. Ina measc sin tá Treoirlínte Measúnachta do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, samplaí de mhíreanna measúnaithe, agus samplaí d'obair scoláirí.
- Tá faisnéis faoin eolas is déanaí, imeachtaí agus tacaíochtaí eile a sholáthraíonn an CNCM don Ghaeilge, lena n-áirítear tacaíochtaí le haghaidh Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí, ar fáil ag Tacaíochtaí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a theagasc I CNCM.
- Soláthraíonn ionaid tacaíochta oideachais áitiúla tacaíochtaí éagsúla do mhúinteoirí don Ghaeilge agus do theagasc na Gaeilge. Tá faisnéis faoi na tacaíochtaí sin ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na n-ionad tacaíochta oideachais áitiúil nó sna cumarsáidí a sheolann ionaid aonair chuig scoileanna.
- Tá liosta de sholáthraithe cúrsaí Gaeilge d'aosaigh ar fáil ag Scéal.ie.

Ina theannta sin, eiseoidh an tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla sa Roinn nuachtlitir gach téarma ina mbeidh an t-eolas is deireanaí faoi thacaíochtaí do scoileanna i ndáil leis an bPlean Gnímh.

## 9. Tuilleadh faisnéise

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, déan teagmháil le AGSMB@education.gov.ie.

**Arna eisiúint ag:**

Pádraig Mac Fhlannchadha
Príomhoifigeach
An tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla

**Dáta eisiúna:** 30 Aibreán 2026

## Aguisín A: Leithdháiltí ama don Ghaeilge

| |
|---|
| Gaeilge na Sraithe Sóisearaí: Sonraíocht do scoileanna meán-Bhéarla (T2) (2023): 240 uair an chloig ar a laghad thar thréimhse trí bliana na Sraithe Sóisearaí<br><br>Ráiteas Chlár na hIdirbhliana (2024): 2 uair an chloig ar a mhéad in aghaidh na seachtaine.<br><br>Siollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (2010): 180 uair an chloig ar a laghad thar an dá bhliain den Ardteistiméireacht<br><br>Siollabas Ghaeilge na hArdteistiméireachta – Bonnleibhéal (2010): 180 uair an chloig ar a laghad thar an dá bhliain den Ardteistiméireacht<br><br>Ráiteas Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí (2024), Siollabas Ghaeilge Chumarsáideach na hArdteistiméireachta Feidhmí (2010): 60 uair an chloig ar a laghad san iomlán (30 uair an chloig an modúl). |